**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2022/2117(DEC)**

2.3.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) don bhliain airgeadais 2021
(2022/2117(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Saskia Bricmont

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí (an 'Chúirt') go bhfuil na hidirbhearta is bonn le cuntais bhliantúla Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) don bhliain airgeadais 2021 dlíthiúil agus rialta i ngach gné ábhartha, cé is moite den tuairim cháilithe ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn leis na cuntais; ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú ar a bhuiséad in 2021 go EUR 264 milliún (-9.83 % i gcomparáid le 2020) agus gur tháinig méadú ar a fhoireann ó 274 go 310 (+13.13 %);

2. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, in 2021, a lean eu-LISA d'fhorbairt córas nua TF agus d'fhorbairt na hidir-inoibritheachta idir na córais nua agus na córais atá ann cheana; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur cuireadh roinnt tionscadal i gcrích;

3. á chur in iúl gur oth léi gur eisigh an Chúirt tuairim choinníollach i ndáil le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn le cuntais eu-LISA i leith 2020 agus 2021 araon; ag tabhairt sí dá haire gur ann do mhíniú na Cúirte gur eisíodh an tuairim choinníollach i ndáil le sé íocaíocht; ag tabhairt dá haire gur bhain trí cinn de na híocaíochtaí sin le conradh sonrach lenar cuireadh creatchonradh chun feidhme gan mionsonraí na seirbhísí a bhí á lorg (cainníochtaí agus dátaí seachadta) a shonrú, agus nár cruthaíodh, dá bhrí sin, gealltanas dlíthiúil soiléir; ag tabhairt dá haire gur tháinig an Chúirt freisin ar chonarthaí agus ar íocaíochtaí eile lasmuigh den sampla tosaigh a ndearna an neamhchomhlíonadh céanna difear dóibh; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur ann do na trí íocaíocht neamhchomhlíontacha eile ón sampla tosaigh a bhain le trí chonradh shonracha éagsúla, a bhí neamhchomhlíontach leis na creatchonarthaí comhfhreagracha, arbh EUR 18.11 milliún a luach iomlán in 2021, arb ionann é agus 6.2 % de na leithreasuithe íocaíochta iomlána a bhí ar fáil in 2021; á chur in iúl gur geal léi gur thaifead eu-LISA an íocaíocht a ndearna earráid/neamhrialtacht fhéideartha difear di i gcóras rialaithe inmheánaigh eu-LISA trí thuarascáil um neamhchomhlíonadh agus trí thuarascáil um eisceacht; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, ó fhreagra eu-LISA, a dhéanann roinnt tosca a bhaineann le pleanáil bhuiséadach, leis an tsamhail foinsithe, le bainistiú éabhlóidí conarthacha, agus le tearclíon foirne sa réimse sin difear don chomhlíonadh sa réimse sin, ag cur srian le cumas eu-LISA raon feidhme, tréimhse agus luach na gconarthaí a theorannú; ag tabhairt dá haire go bhfuil spriocdhátaí gearra ar áireamh i gcúraimí nua eu-LISA agus gur ghlac an Coimisiún cur chuige níos solúbtha maidir leis an mbuiséad arna shannadh do eu-LISA le haghaidh cúraimí nua; ag meabhrú, áfach, a thábhachtaí atá sé creatchonarthaí a chomhlíonadh chun rioscaí clú a sheachaint agus á mheas gur cheart aon mholadh maidir le laghdú a chur ar chostais oibríochtúla fhoriomlána eu-LISA a phleanáil roimh ré;

4. ag tabhairt dá haire gur shínigh eu-LISA conradh sonrach dar luach €40 milliún agus a bhfuil tréimhse fhadaithe ag gabháil leis chun creatchonradh a bhaineann le córais mhórscála TF a chur chun feidhme, gan mionsonraí na seirbhísí a fuarthas a shonrú; á

thabhairt chun suntais gur chuir an Chúirt in iúl go mion minic gur cúis bhuartha di na rioscaí a bhaineann leis an easpa comhordaithe idir leithdháileadh acmhainní ar eu-LISA agus glacadh reachtaíochta, lena n-áirítear rialacháin arna dtarmligean agus rialacháin cur chun feidhme lena sainítear na ceanglais maidir leis na córais TF atá le forbairt; ag tabhairt sí dá haire ina theannta sin gur chinn an Chúirt gur tháinig na rioscaí sin i gcrích: an brú ama a bhí ar eu-LISA dá chionn sin na cistí a ghealladh agus a chaitheamh sula rachaidís in éag, bhí sé ar cheann de na cúiseanna ar tharla neamhchomhlíontachtaí i nósanna imeachta soláthair agus i gcur chun feidhme conarthaí; ag tabhairt dá haire freisin gur áiríodh leis na neamhchomhlíontachtaí sin easpa faisnéise, i gconradh sonrach, maidir le cainníochtaí agus dátaí seachadta na seirbhísí a fuarthas, agus athruithe ar raon feidhme, tréimhse nó luach an chonartha de bhreis ar an tsolúbthacht a cheadaítear leis an Rialachán Airgeadais; ag tabhairt dá haire gur ann do na mínithe ó eu-LISA gur tugadh an conradh i gcrích faoi mhódúlacht oibre dá bhforáiltear sa chreatchonradh comhfhreagrach; á chur i bhfios go láidir nach mór do eu-LISA na bearta ullmhachta is gá a dhéanamh chun a áirithiú nach mbeidh aon mhoill air ag cur na reachtaíochta ábhartha nua chun feidhme, a luaithe a ghlacfar í; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcomhordú idir leithdháileadh acmhainní agus cúraimí ar eu-LISA; á iarraidh ar eu-LISA, ar an gCúirt agus ar an gCoimisiún réitigh fhéideartha a chíoradh chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar an staid mar atá;

5. ag tabhairt dá haire gur leasaigh eu-LISA luach trí chonradh, dhá chonradh in 2021 agus ceann amháin in 2019, lenar cuireadh méadú 50 % ar uasmhéid na gconarthaí (€70.4 milliún, €20 milliún agus €40 milliún faoi seach); á chur i bhfáth go gcomhfhreagraíonn na trí chonradh do Chur Chun Feidhme agus Cothabháil an Chórais Isteach/Amach (EES), do Sholáthar an Bhonneagair Chomhroinnte Choitinn (CSI) agus do Chothabháil Chóras Faisnéise Schengen (MWO SIS II); ag tabhairt dá haire gur ann don tuairim ón gCúirt gur cheart do eu-LISA feabhas a chur ar bhainistiú conarthaí chun a áirithiú go ndéanfar conarthaí sonracha a ailíniú i gcónaí leis na creatchonarthaí; ag tabhairt dá haire gur ann don fhreagra ó eu-LISA gurbh éard ba chionsiocair leis an méadú ar an líon na hathruithe ar an reachtaíocht lenar ceanglaíodh ar eu-LISA líon níos airde soláthairtí agus seirbhísí comhionanna a aimsiú a ndearnadh tairiscint ina leith ar dtús; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil an tionscadal tosaigh agus a éabhlóidí le cur san áireamh i bhfianaise chineál síorathraitheach gach córais mórscála TF arna bhainistiú ag eu-LISA; á thabhairt chun suntais gur fágadh na praghsanna conarthacha uile chomh maith leis na téarmaí agus na coinníollacha gan athrú;

6. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, de réir eu-LISA, nach bhfuil tionchar airgeadais ag na neamhrialtachtaí ar thángthas orthu maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí, ach go bhfuil siad neamhchomhlíontach le rialacha lena ndéantar difear do roinnt tairiscintí sonracha, agus, i mbeagnach gach cás, gurbh í an tsaincheist an tsolúbthacht a cheadaítear faoi na rialacha airgeadais, a mheas an Chúirt a bheith sáraithe; á chur i bhfios go láidir gur ann don tsolúbthacht a cheadaítear faoi na rialacha airgeadais agus á iarraidh go gcuirfí bearta i bhfeidhm chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú; á mheas gur cheart do eu-LISA leanúint den idirphlé leis an gCoimisiún chun athruithe a mholadh ar a phleanáil buiséid ilbhliantúil, ionas nach bhfaighidh sé cistí chun córais a fhorbairt go dtí go n-áiritheofar deimhneacht dhlíthiúil;

7. ag tabhairt dá haire gur ann do bharúlacha leanúnacha ón gCúirt in 2018, in 2019 agus in 2020 maidir leis an mbainistiú buiséadach; ag tabhairt dá haire go bhfuil ráta na

leithreasuithe arna dtabhairt anonn fós suntasach i gcomparáid leis an mbuiséad iomlán (rinneadh €1.41 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2021 a thabhairt anonn go 2022); á chur i bhfáth gurb amhlaidh, dar leis an gCúirt, atá rátaí arda athfhillteacha na leithreasuithe arna dtabhairt anonn ag teacht salach ar phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus gurb amhlaidh a d'fhéadfaidís a bheith ina léiriú ar shaincheisteanna struchtúracha i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid; á chur in iúl gur geal léi nach ndearnadh aon-tabhairt anonn neamh-uathoibríoch in 2021; ag admháil an fhreagra a thug eu-LISA gur le conrú soláthraithe seirbhíse tacaíochta seachtracha is mó a bhain na leithreasuithe arna dtabhairt anonn, chun aghaidh a thabhairt ar thearclíon foirne córasach tar éis cúraimí nua a shannadh do eu-LISA, lenar ghabh tréimhsí nár tháinig leis an mbliain féilire, ach le ré riachtanach na seirbhísí arna soláthar;

8. á mheabhrú go bhfuil roinnt barúlacha ón gCúirt ó bhlianta roimhe seo fós ar siúl; á iarraidh ar an nGníomhaireacht na barúlacha ón gCúirt a chomhlíonadh agus dlús a chur le hiarrachtaí bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt orthu; á iarraidh, thairis sin, ar eu-LISA tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis sin;

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **An dáta a glacadh** | 1.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 63<br>–: 1<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Patricia Chagnon, Caterina Chinnici, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Nuno Melo, Maite Pagazaurtundúa, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Jadwiga Wiśniewska, Javier Zarzalejos |
| **Feisirí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, Loucas Fourlas, Beata Kempa, Philippe Olivier, Dragoş Tudorache, Petar Vitanov, Tomáš Zdechovský |
| **Feisirí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gheorghe Falcă, Jean-François Jalkh, Petra Kammerevert, Marisa Matias, Martina Michels, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Mick Wallace, Bernhard Zimniok |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA I gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 63 | + |
|---|---|
| ECR | Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska |
| ID | Susanna Ceccardi, Patricia Chagnon, Jean-François Jalkh, Philippe Olivier, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche, Bernhard Zimniok |
| PPE | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Gheorghe Falcă, Loucas Fourlas, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Nuno Melo, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Tomas Tobé, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Yana Toom, Dragoş Tudorache |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Petra Kammerevert, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Birgit Sippel, Petar Vitanov |
| An Chlé | Clare Daly, Marisa Matias, Martina Michels, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 1 | - |
|---|---|
| NI | Milan Uhrík |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh ó vótáil